



An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0178 (COD)**

12360/19
ADD 1

EF 274
ECOFIN 809
CODEC 1406
ENV 791
SUSTDEV 127

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM (2018) 353 final
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú <i>- Sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,¹

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,²

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach margadh inmheánach a bhunú a bhíonn ag obair ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa, bunaithe, i measc nithe eile, ar fhás eacnamaíoch cothromaithe agus ardleibhéal cosanta agus feabhsaithe do cháilíocht an chomhshaoil.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

- (2) Ar an 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe creat nua um fhorbairt inbhuanaithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe³, a bhfuil na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ina chroílár lena gcumhdaítear trí cholún na hinbhuanaitheachta: rialachas comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip⁴, déantar na SDGanna a nascadh le creat beartais an Aontais chun a áirithiú, le gach gníomhaíocht agus tionscnamh beartas de chuid an Aontais, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, go gcuirfead na SDGanna san áireamh ón tús. Leis na conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 20 Meitheamh 2017⁵, deimhníodh tiomantas an Aontais agus na mBallstát maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile.
- (3) In 2016, chuir an Chomhairle Comhaontú Pháras i gcrích ar son an Aontais⁶. Faoi Airteagal 2(1)(c) de Chomhaontú Pháras, leagtar síos an cuspóir chun neartú a dhéanamh ar an bhfreagairt don athrú aeráide, i measc modhanna eile, trína áirithiú go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach le bealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.
- (4) Gnéithe ríthábhachtacha is ea an inbhuanaitheacht agus an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, níos tíosaí ar acmhainní ná mar a bhí agus níos ciorclaí chun a áirithiú go mbeidh geilleagar an Aontais iomaíoch san fhadtréimhse. Tá an inbhuanaitheacht i gceoláir thionscadal an Aontais Eorpaigh le fada agus tugtar aitheantas sna Conarthaí dá gnéithe sóisialta agus comhshaoil.
- (5) I mí na Nollag 2016, thug an Coimisiún sainordú do Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe straitéis uileghabhálach, chuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le maoiniú inbhuanaithe. Sa tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe a foilsíodh an 31 Eanáir 2018⁷, éilítear go gcruthófar córas aicmithe a mbaineann gné theicniúil stuama leis ar leibhéal an Aontais chun soiléire a bhunú maidir leis na gníomhaíochtaí atá 'glas' nó 'inbhuanaithe', ag tosú leis an maolú ar an athrú aeráide.

³ I mbun athrú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (NA 2015) le fáil ag <https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld>.

⁴ COM(2016) 739 final.

⁵ DEVGEN 139, ONU 83, ENV 624.

⁶ Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

⁷ Tuarascáil Chríochnaitheach ó Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe an Aontais maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, *Financing a Sustainable European Economy* [Geilleagar Eorpach Inbhuanaithe a Mhaoiniú], le fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/180131-sustainable-finance-final-report_en.pdf.

- (6) I mí an Mhárta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta i dtaca le 'Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú'⁸ lena gcuirtear straitéis uailmhianach, chuimsitheach ar bun maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta sin is ea sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe, cuimsitheach a bhaint amach. Tá bunú córais aicmithe aontaithe le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe ar an mbeart is tábhachtaí agus is práinní a bheartaítear sa Phlean Gníomhaíochta. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta nach mór tuiscint chomhroinnte ar a bhfuil i gceist le 'inbhuanaithe' a bheith mar bhonn taca le haistriú sreafaí caipitil i dtreo gníomhaíochtaí atá níos inbhuanaithe ná mar a bhí. Mar chéad chéim, ba cheart treoir shoiléir maidir le gníomhaíochtaí a cháilíonn mar chinn a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil a bheith ina cabhair le hinfheisteoirí a chur ar an eolas faoi na hinfheistíochtaí lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Féadfar tuilleadh treorach a fhorbairt ina dhiaidh sin maidir leis na gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí inbhuanaitheachta eile, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta.
- (6a) Agus an phráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide á aithint agus na cuspóirí comhshaoil uile á saothrú, ba cheart obair anailíseach bhreise a dhéanamh chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chur ar aghaidh, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta agus dea-rialachas agus, ar an gcaoi sin, Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar bhealach iomlán, comhtháite, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach.
- (7) I gCinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, éilítear méadú ar an gcistiú ón earnáil príobháideach i leith caiteachas comhshaoil agus caiteachas a bhaineann leis an aeráid, go háirithe trí dhreasachtaí agus modheolaíochtaí lena spreagfar cuideachtaí chun tomhas a dhéanamh ar chostais chomhshaoil a ngnó agus a mbrabús a eascraíonn as seirbhísí comhshaoil a úsáid.
- (8) Chun spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas, ní mór sreafaí caipitil a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Tá sé tábhachtach go mbainfear leas iomlán as poitéinseal an mhargaidh inmheánaigh chun na spriocanna sin a bhaint amach agus chun a áirithiú nach ndéantar na sreafaí caipitil atá á gcur i dtreo na hinfheistíochta inbhuanaithe a shuaitheadh sa mhargadh inmheánach.
- (9) Bealach éifeachtach chun infheistíochtaí príobháideacha a chur i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe is ea táirgí airgeadais a thairiscint lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le ceanglais náisiúnta maidir le táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha a mhargú mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear na ceanglais a leagtar amach ag na Ballstáit chun ligean do na gníomhaithe margaidh ábhartha lipéad náisiúnta a úsáid, díritear ar mhuintín na n-infheisteoirí a fheabhsú, ar infheictheacht a chruthú agus ar dhul i ngleic le hábhair inní faoi "snas glas". Tagraíonn snas glas don chleachtas faoina bhfaightear buntáiste iomaíoch éagórach trí tháirge airgeadais a mhargú mar cheann atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil, nuair is amhlaidh i ndáiríre nach gcomhlíonann sé caighdeán bhunúsacha chomhshaoil. Tá scéimeanna lipéadaithe i bhfeidhm ag roinnt bheag Ballstát faoi láthair.

⁸ COM(2018) 97 final.

⁹ Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal 'Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid' (IO L 354, 28.12.2013, lch. 171).

Cuireann na scéimeanna sin atá ann cheana le tacsanomaíochtaí éagsúla lena ndéantar aicmiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Mar gheall ar na gealltanais pholaitiúla faoi Chomhaontú Pháras agus ar leibhéal an Aontais, is dócha go ndéanfaidh níos mó agus níos mó Ballstát scéimeanna lipéadaithe nó ceanglais eile a bhunú maidir le rannpháirtithe nó eistheoirí sa mhargadh airgeadais i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna margú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcaoi sin, bheadh na Ballstáit ag baint úsáid as a gcuid tacsanomaíochtaí náisiúnta féin chun críocha na hinfheistíochtaí a cháilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe a chinneadh. Más rud é go bhfuil na ceanglais náisiúnta sin bunaithe ar chritéir éagsúla maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, beidh drogall ar infheisteoirí infheistiú thar theorainneacha, mar gheall ar dheacrachtaí i dtaobh comparáid a dhéanamh idir na deiseanna infheistíochta éagsúla. Ina theannta sin, i gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mhian leo infheistíocht a mhealladh ó gach cearn den Aontas, bheadh orthu critéir éagsúla a chomhlíonadh sna Ballstáit éagsúla ionas go bhféadfadh a ngníomhaíochtaí cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha na lipéad éagsúil sin. Dá bhrí sin, in éagmais critéir aonfhoirmeacha, méadófar costais agus cruthófar dídhreasacht suntasach d'oibreoirí eacnamaíocha, arb ionann é agus bac le rochtain a fháil ar mhargaí caipitil trasteorann i gcás infheistíochtaí inbhuanaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú eile ar na bacainní ar an rochtain ar mhargaí caipitil trasteorann chun críocha cistí a thiomsú le haghaidh tionscadail inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart na critéir lena chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chomhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais, chun constaicí ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhaint agus a chinntiú nach dtiocfaidh siad chun cinn arís amach anseo. Le comhchuíbhíú den sórt sin, is fusa a bheidh sé d'oibreoirí eacnamaíocha cistiú a thiomsú thar theorainneacha dá ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, toisc gur féidir a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur i gcomparáid le critéir aonfhoirmeacha chun iad a roghnú mar shócmaínní foluiteacha i leith infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Éascófar, dá bhrí sin, infheistíocht a mhealladh thar theorainneacha laistigh den Aontas.

- (10) Thairis sin, mura gcuireann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais aon mhíniú ar fáil d'infheisteoirí maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn na gníomhaíochtaí a ndéanann siad infheistíocht iontu le cuspóirí comhshaoil, nó má úsáideann siad coincheapa difriúla sa mhíniú a thugann siad ar a bhfuil i gceist le gníomhaíocht eacnamaíoch 'atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de', beidh ualach neamhréireach ar infheisteoirí i dtaobh na táirgí airgeadais éagsúla a sheiceáil agus a chur i gcomparáid le chéile. Fuarthas amach go mbíonn drogall ar infheisteoirí, mar gheall air sin, infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ina theannta sin, bíonn drochthionchair mhóra ag an easpa muiníne i measc infheisteoirí ar an margadh le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe. Léiríodh chomh maith go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt de bharr rialacha náisiúnta nó tionscnaimh mhargadh inbhuanaithe arna nglacadh chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin laistigh de theorainneacha náisiúnta. Más rud é go nochtann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais conas a chomhlíonann na táirgí airgeadais, a mhaíonn siad go bhfuil siad inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go hiarbhír na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a mhéid a chomhlíonann siad na critéir sin faoin Rialachán seo, agus má úsáideann siad na critéir choiteanna ar fud an Aontais le haghaidh nochtá den sórt sin, cabhróidh sé sin le hinfheisteoirí deiseanna infheistíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i gcomparáid le chéile thar theorainneacha. Is mó an méid muiníne a bheidh ag infheisteoirí agus iad ag infheistiú i dtáirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar fud an Aontais, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

- (11) Chun dul i ngleic le constaicí atá ann cheana maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus chun teacht chun cinn na gconstaicí sin sa todhchaí a chosc, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leas a bhaint as coincheap coiteann i leith na hinfheistíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ceanglais á leagan síos acu do rannpháirtithe nó eisitheoirí sa mhargadh airgeadais chun críche lipéadú a dhéanamh ar tháirgí airgeadais nó ar bhannaí corparáideacha atá á margú ar an leibhéal náisiúnta mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Agus an méid sin á dhéanamh, ní dhéanann an Rialachán seo difear ná dochar do bhearta fíoscacha ar bith (amhail bearta cánach) a fhéadfaidh Ballstáit a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta d'fhonn infheistíocht inbhuanaithe a dhreasú.

Ba cheart do scéimeanna náisiúnta um lipéadú a bheith comhsheasmhach leis an oibleagáid dhlíthiúil a leagtar amach in Airteagal 1 pointe (2a), lena n-áirítear na critéir scagtha theicniúla is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin.

- (12) Ach critéir a bhunú i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, d'fhéadfadh sé go spreagfaí oibreoirí eacnamaíocha chun faisnéis a fhoilsiú agus a nochtadh ar a suíomh gréasáin, ar bhonn deonach, maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbíonn siad ag gabháil dóibh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní hamháin go gcuideoidh an fhaisnéis sin le rannpháirtithe agus gníomhaithe ábhartha eile sna margaí airgeadais na hoibreoirí eacnamaíocha a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a aithint go héasca, ach is fearr a bheidh na hoibreoirí eacnamaíocha sin in ann cistí a thiomsú dá ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- (13) Le haicmiú de chuid an Aontais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart go bhféadfaí beartais de chuid an Aontais a fhorbairt amach anseo chun tacú le maoiniú inbhuanaithe, lena n-áirítear caighdeán ar fud an Aontais i leith táirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus bunú lipéad, ar deireadh, lena dtugtar aitheantas foirmiúil do chomhlíonadh na gcaighdeán sin ar fud an Aontais. Tá gá le ceanglais dhlíthiúla aonfhoirmeacha chun infheistíochtaí a mheas mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ar bhonn critéir aonfhoirmeacha i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar thagairt le haghaidh reachtaíocht de chuid an Aontais sa todhchaí lena ndíreofar ar na hinfheistíochtaí sin a chumasú.

- (13a) Ba cheart aicmiú de chuid an Aontais i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bheith bunaithe ar reachtaíocht ábhartha ar bith de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart dó freisin, i gcás inarb iomchuí, forbairt a dhéanamh ar scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin de chuid an Aontais, ar mhodheolaíochtaí an Aontais chun lorg comhshaoil a mheas, agus ar chórais aicmithe staidrimh an Aontais.
- (14) I gcomhthéacs spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas, léiríodh go raibh roghanna beartais cosúil le cruthú Ciste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha éifeachtach i dtaobh rannchuidiú le hinfheistíocht phríobháideach, taobh le caiteachas poblí, a chur i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe. Sonraítear i Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ sprioc infheistíochta aeráide 40% do thionscadail bhonneagair agus nuálaíochta faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. D'fhéadfadh critéir choiteanna i leith inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith mar bhonn taca le tionscnaimh den chineál céanna de chuid an Aontais amach anseo lena dtacófar le hinfheistíocht lena saothraítear cuspóirí a bhaineann leis an aeráid nó cuspóirí comhshaoil eile.
- (15) Chun ilroinnt an mhargaidh chomh maith le dochar do leasanna tomhaltóirí a sheachaint de bharr smaointe éagsúla maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, maidir leis ceanglais náisiúnta nach mór do rannpháirtithe nó eisitheoirí sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh nuair is mian leo táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha a mhargú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart dóibh na critéir aonfhoirmeacha i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt. Maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar fáil agus le heisitheoirí dá dtagraítear in Airteagal 1 pointe (2)(a) a eisíonn bannaí corparáideacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart dóibh an coincheap céanna a úsáid i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, nuair a dhéantar an chaoi a bhfuil na hinfheistíochtaí sin 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' a nochtadh.
- (16) Ar mhaithe le hinfheisteoirí, lena n-áirítear tomhaltóirí, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a nochtadh conas a chomhlíonann an infheistíocht na critéir maidir le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar a shainítear iad sa Rialachán seo agus a mhéid a chomhlíonann sí na critéir sin. Má dhéantar cur chuige eile a shaothrú, amhail nach mbainfear amach ach saintréithe áirithe comhshaoil, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an cur chuige infheistíochta i leith an táirge airgeadais a nochtadh, ag cur i bhfeidhm na gceanglas faoi Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais.

¹⁰ Rialachán (AE) 2017/2396 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (IO L 345, 27.12.2017, lch. 34).

Agus a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh acu, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais réimse leathan de tháscairí agus nochtaí cáilíochtúla agus cainníochtúla éagsúla a chur san áireamh chomh maith, ar tháscairí agus nochtaí iad a mheasann siad atá ábhartha d'infheisteoirí chun measúnú a dhéanamh ar tháirgí airgeadais a chuirtear ar fáil mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní mór an comhlíonadh atá ann faoi láthair agus méid an ailínithe leis na critéir scagtha theicniúla maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha foluiteacha a bheith ar cheann de raon táscairí, áfach, más rud é go gcuirtear an táirge airgeadais ar fáil mar cheann atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de'.

Maidir le táirgí airgeadais eile nach gcuimsítear faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus nach gcuirtear ar fáil mar chinn atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de', níl sé d'oibleagáid a nochtadh a mhéid atá siad ailínithe leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear sa Rialachán seo.

- (16aa) Ar mhaithe le hinfeisteoirí, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil mar 'isealcharbóin', a nochtadh conas a chomhlíonann an infheistíocht na critéir i leith gníomhaíochtaí ísealcharbóin agus a mhéid a chomhlíonann sí na critéir sin, de bhun Airteagal 9(3) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil seirbhísí airgeadais.

Nuair a chuirtear táirgí airgeadais ar fáil mar 'isealcharbóin', ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais critéir scagtha theicniúla a chur san áireamh, critéir lena gcinnfear na coinníollacha faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le maolú ar an athrú aeráide.

Go deimhin le gníomhaíocht 'isealcharbóin' ba cheart a dhíriú ar astaíochtaí carbóin a laghdú, agus ba cheart, dá bhrí sin, an cuspóir maidir le nochtadh astaíochtaí ísealcharbóin a bheith san áireamh freisin i bhfianaise spriocanna fadtéarmacha maidir leis an téamh domhanda i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a bhaint amach. Le rogha den sórt sin, ba cheart go gceadófaí do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais díriú ar infheistíochtaí níos sonraí a bhaineann le cuspóir an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus, ag an am céanna, nasc leordhóthanach a áirithiú leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais.

- (16a) Leis an oibleagáid maidir le nochtadh a leagtar síos sa Rialachán seo, forlíontar na rialacha maidir le nochtadh atá i Rialachán XYW/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais. Chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun go soláthróidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais pointe comparáide oibiachtúil d'infheisteoirí deiridh maidir le sciar na n-infheistíochtaí a mhaoíníonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, leis an Rialachán seo, forlíontar na ceanglais maidir le nochtadh atá sna rialacha maidir le trédhearcacht thréimhsiúil agus réamhchonarthach agus maidir le trédhearcacht trí bhíthin suíomhanna gréasáin atá leagtha síos i Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais. I Rialachán XYZ/2019 áirítear faoi 'infheistíochtaí inbhuanaithe' infheistíochtaí lena saothraítear cuspóirí comhshaoil lena cheart, *inter alia*, infheistíochtaí a chuimsiú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha 'atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de', de réir bhrí an Rialacháin seo.
- Leis an bhfaisnéis a nochtar d'infheisteoirí faoi chuimsiú an Rialacháin seo, ba cheart a chur ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide maidir le nochtadh go héasca, agus an oibleagáid sin a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Ba cheart don údarás inniúil faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus 4(2a) den Rialachán seo, go bhfuil sí comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a nochtadh faoi chuimsiú Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais, a mhéid is infheidhme, agus measúnú a dhéanamh an bhfuil an nochtadh soiléir agus nach bhfuil sé míthreorach.
- (16b) Tá na sainmhínithe ar 'rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais' agus 'táirgí airgeadais' sa Rialachán seo comhsheasmhach le Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais. I gcás ina bhfuil soláthraithe táirgí pinsin a oibríonn scéimeanna náisiúnta slándála sóisialta faoi réir Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin, ba cheart dóibh an oibleagáid maidir le nochtadh a chomhlíonadh i ndáil leis na critéir chomhchoiteanna i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin Rialachán seo.
- (16c) Maidir le gnóthais, ní leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais bhreise maidir le nochtadh, thar na ceanglais atá ann cheana i dTreoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, i ndáil le faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a bheith á nochtadh ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe. Maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, is féidir leo faisnéis a fháil chun feidhmíocht chomhshaoil cuideachtaí a mheasúnú trí thuarascálacha bliantúla, ós rud é go n-éilíonn an Treoir sin cuideachtaí móra Eorpacha, ar eintitis leasa phoiblí iad, chun faisnéis ábhartha maidir leis an gcomhshaoil a nochtadh. Chuige sin, leis na Treoirínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais¹², moltar do chuideachtaí a bhfuil an aeráid mar ábhar airgeadais dóibh, an céatadán dá láimhdeachas sa bhliain tuairiscithe ó tháirgí nó seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí a chomhlíonann na critéir chomhfhreagracha don inbhuanaitheacht chomhshaoil, mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad, a thuairisciú, nó tuairisc a dhéanamh maidir le céatadán dá gcuid infheistíochta (CapEx) nó

¹¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún - *Guidelines on non-financial reporting: Supplement on reporting climate-related information* [Treoirínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh i ndáil le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú] (2019/C 209/01)

a gcaiteachas (OpEx) sa bhliain tuairiscithe le haghaidh sócmhainní nó próisis a thacaíonn le táirgí nó seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí a chomhlíonann na critéir chomhfhreagracha don inbhuanaitheacht chomhshaoil mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad.

Thairis sin, maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil mar chinn atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' agus a chuireann le cuspóir comhshaoil, déanfar iad a dhreasú chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi fheidhmíocht chomhshaoil cuideachtaí, i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, trí theagmháil dhíreach leis an gcuideachta agus trí na sonraí taighde comhshaoil ábhartha a iarraidh ó sholáthraithe tríú páirtí na dtuairiscí agus na rátálacha.

- (16d) Chun críocha Airteagal 4(2a) den Rialachán seo, ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) (ar a dtugtar an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚME) go cineálach), arna mbunú le Rialachán Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ faoi seach, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a fhorbairt lena gcomhlánaítear na caighdeáin rialála theicniúla a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagail 9(5), 10(2), 11(4) agus 13(2) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais.
- (16e) D'fhéadfadh cásanna eisceachtúla a bheith ann nach féidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faisnéis iomlán, iontaofa agus thráthúil a fháil go réasúnta maidir leis an láimhdeachas, le caipiteal nó caiteachas nó faisnéis ábhartha eile maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a áirítear ar an táirge airgeadais a chuirtear ar fáil mar chinn atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' dá dtagraítear sa Rialachán seo, agus dá bhrí sin nach mbeadh na rannpháirtithe in ann leibhéal an ailínithe a chinneadh go hiontaofa leis na critéir scagtha theicniúla nó leis an sciar d'infheistíochtaí maoinithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de atá ar áireamh sa táirge airgeadais. I gcásanna eisceachtúla den sórt sin agus i gcás na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhféadfaí faisnéis iomlán, iontaofa agus thráthúil a fháil ina leith amháin, féadfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais measúnuithe agus meastacháin chomhlántacha a dhéanamh ar bhonn na faisnéise ó fhoinsí eile. Maidir le stádas mar infheistíocht atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de', níor cheart do na measúnuithe agus na meastacháin sin cúiteamh a dhéanamh ach i leith codanna teoranta agus sonracha de na heilimintí sonraí inmhianaithe, agus toradh stuama a tháirgeadh.

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún

Chun nochtadh soiléir, nach bhfuil míthreorach d'infheisteoirí a áirithiú, ba cheart do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an bunús dá gcuid conclúidí a mhíniú go soiléir mar aon leis na cúiseanna atá acu measúnuithe agus meastacháin a dhéanamh chun críocha noхта d'infheisteoirí deiridh.

- (17) Ba cheart na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a spreagadh chun an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a chur ar an eolas má mheasann siad, i gcás gníomhaíocht eacnamaíoch nach gcomhlíonann na critéir scagtha theicniúla, nó nach bhfuil na critéir sin bunaithe ina leith go fóill, gur cheart a mheas go bhfuil sí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chun cuidiú leis an Ardán meastóireacht a dhéanamh ar a iomchuí atá sé na critéir scagtha theicniúla a chomhlánú nó a nuashonrú.
- (18) Chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart liosta uileghabhálach cuspóirí comhshaoil a leagan síos. Ionas nach gcaillfear amach ar ghníomhaíochtaí lena gcumasaítear, nó lena ndéanfar dochar don inbhuanaitheacht chomhshaoil, ba cheart aird chuí a thabhairt ar thionchar iomlán shlabhra luacha aon ghníomhaíochta eacnamaíche, chomh maith le tionchar na dtáirgí agus na seirbhísí arna soláthar ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin. Ba cheart go mbainfeadh an chéad dá cheann de na cuspóirí leis an athrú aeráide, arb iad sin maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide. Ba cheart a méid a leanas a áirithiú ar na cuspóirí comhshaoil eile: úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, cosc agus rialú ar thruailliú mar aon leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch a chumasaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch eile feabhas suntasach a chur ar a feidhmíocht chomhshaoil i dtaca le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó a bheith ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagair níos inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíochtaí cumasúcháin a cháiliú freisin mar ghníomhaíochtaí atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' ar an gcoinníoll gur féidir feabhas suntasach a chur ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil leis an ngníomhaíocht sin.

- (18a) Ba cheart do ghníomhaíocht eacnamaíoch a chuireann cuspóir an mhaolaithe ar an athrú aeráide chun cinn rannchuidiú suntasach a dhéanamh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chobhsú trí iad a sheachaint nó a laghdú nó trí fheabhas a chur ar bhaint gás ceaptha teasa. Ba cheart don ghníomhaíocht eacnamaíoch a bheith i gcomhréir leis na spriocanna fadtéarma teochta Chomhaontú Pháras. D'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch cuspóir an oiriúnaithe don athrú aeráide a chur chun cinn, ina rannchuideodh an ghníomhaíocht go mór le drochthionchar na haeráide atá ann faoi láthair nó na haeráide a bheidh ann amach anseo nó an baol go mbeidh drochthionchar ar an ngníomhaíocht féin a laghdú nó a chosc.
- (18b) Maidir leis an gcuspóir chun úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint, is éard atá i gceist leis sin ná an meath ar stádas na ndobharlach, lena n-áirítear uisce dromchla agus screamhuisce, a fheabhsú nó a chosc, agus an meath ar stádas comhshaoil na n-uisce mara a fheabhsú agus a chosc. Ba cheart léirmhíniú a dhéanamh ar an gcuspóir comhshaoil sin agus ionstraimí ábhartha reachtacha agus neamhreachtacha de chuid an Aontais á gcur san áireamh, lena n-áirítear Treoir 98/83/CE ón gComhairle¹⁶,

¹⁶ Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine

Treoir 2000/60/CE¹⁷, Treoir 2008/56/CE¹⁸, Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún¹⁹ agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013²⁰.

- (18c) Ba cheart cuspóir comhshaoil an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, a léirmhíniú agus ionstraimí ábhartha reachtacha agus neamhreachtacha ábhartha á gcur san áireamh i réimse an gheilleagair chiorclaigh, na dramhaíola agus na gceimiceán, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach²¹, Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Plaistigh²², an Treoir Réime Dramhaíola²³, reachtaíocht an Aontais maidir le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola²⁴ agus sruthanna sonracha dramhaíola, reachtaíocht an Aontais i réimse na gceimiceán. Is féidir le gníomhaíocht eacnamaíoch rannchuidiú go mór le cuspóir an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, trí roinnt bealaí, lena n-áirítear trí mharthanacht na dtáirgí, an acmhainn iad a dheisiú, a uasghrádú agus a athúsáid, agus trí shamhlacha gnó 'táirge atá i mbun seirbhíse' chomh maith le slabhraí luacha ciorclacha a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, má laghdaítear ábhar na substaintí guaiseacha in ábhair agus i dtáirgí ar feadh na saolré, lena n-áirítear trí roghanna malartacha atá níos sábháilte a chur ina n-ionad, ba cheart iad a bheith ar aon dul leis na ceanglais dhlíthiúla chomhchuibhithe atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais.
- (18d) Ba cheart an cuspóir comhshaoil maidir le cosc agus rialú ar thruailliú a léirmhíniú agus ionstraimí reachtacha ábhartha an Aontais á gcur san áireamh (go háirithe na truailléain a chumhdaítear leis na hionstraimí seo), lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, Treoir 2001/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa

¹⁷ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce

¹⁸ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Creat-Treoir um Straitéis Mhuirí)

¹⁹ Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta maidir le dea-stádas comhshaoil uiscí mara agus sonraíochtaí agus modhanna caighdeánaithe le haghaidh faireacháin agus measúnaithe, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/477/AE

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle.

²¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Closing the loop – An EU action plan for the Circular Economy* [Deireadh a chur leis an lúb ar lár – plean gníomhaíochta AE don Gheilleagar Ciorclach] (COM (2015) 614 final)

²² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] (COM (2018) 28 final)

²³ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe

²⁴ Treoir 2000/76/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2000 maidir le dramhaíl a loscadh, Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt don dramhaíl a ghintear ar bord loinge agus iarmhar lasta agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl

²⁵ Treoir 2010/75/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíochta (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17)

agus ón gComhairle²⁶, Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸, agus Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹.

- (19) Is é atá sa chuspóir comhshaoil maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú ná seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú; cuirtear na seirbhísí sin i gceithre chatagóir, eadhon soláthar, lena n-áirítear bia agus uisce a sholáthar; rialáil, lena n-áirítear an aeráid agus galar a rialú; tacú, lena n-áirítear timthriallta cothaitheach agus táirgeadh ocsaigine; agus cultúr, lena n-áirítear sochair spioradálta agus caithimh aimsire. Ba cheart an cuspóir comhshaoil maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú a léirmhíniú agus ionstraimí ábhartha reachtacha agus neamhreachacha ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, Treoir 92/43/CEE ón gComhairle³¹, Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³², Straitéis bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020³³, Straitéis an Aontais maidir le bonneagar glas, Treoir 91/676 ón gComhairle³⁴, Rialachán (AE) Uimh. 511/2014 ó

²⁶ Treoir 2001/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le huasteorainneacha náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer (IO L 309, 27.11.2001, lch. 22)

²⁷ Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1)

²⁸ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1). Féach go háirithe na Substaintí Tosaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn X.

²⁹ Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19)

³⁰ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 020, 26.1.2010, lch. 7).

³¹ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

³² Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

³³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - *Our life insurance, our natural capital: an EU biodiversity strategy to 2020* [Árachas saoil agus caipiteal nádúrtha dúinn: Straitéis bithéagsúlachta an Aontais] (COM/2011/0244 final).

³⁴ Treoir 91/676 ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶, an Plean Gníomhaíochta maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí³⁷, agus an Plean Gníomhaíochta i gcoinne na Gáinneála ar Fhiadhúlra³⁸, Straitéis nua Foraoiseachta AE: d'fhoraoisí agus don earnáil foraoisbhunaithe³⁹, Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú⁴⁰ agus Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil⁴¹.

- (19a) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart 'cleachtais bainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí'⁴² a mheas trí mhaoirseacht agus úsáid foraoisí agus talamh foraoise a áireamh, ar bhealach agus ar ráta, lena gcoinnítear a mbithéagsúlacht, a dtáirgiúlacht, a gcumas athghiniúna, a mbeogacht agus a gcumas chun feidhmeanna ábhartha éiceolaíoch, eacnamaíoch agus sóisialta a chomhlíonadh, anois agus amach anseo, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda, agus nach bhfágtar dá mbarr go ndéantar damáiste d'éiceachórais eile, de réir mar a shainítear i Rún H1 Treoirlínte Ginearálta maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí san Eoraip, Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993.
- (19b) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ba cheart 'éifeachtúlacht fuinnimh' a mheas trí ionstraimí reachtacha ábhartha an Aontais a chur san áireamh i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear Treoir 2012/27/AE43, Treoir (AE) 2018/84444, chomh maith leis na

³⁵ Rialachán (AE) Uimh. 511/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 i ndáil le bearta comhlíonta d'úsáideoirí ó Phrótaic Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na dTairbhí a eascraíonn as a nÚsáid san Aontas (IO L 150, 20.5.2014, lch. 59).

³⁶ Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lch. 23).

³⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa - *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT) - Proposal for an EU Action Plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) – Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta an Aontais] (COM/2003/0251 final).

³⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - *EU Action Plan against Wildlife Trafficking* [Plean Gníomhaíochta AE i gcoinne na Gáinneála ar Fhiadhúlra] (COM/2016/087 final).

³⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM (2013) 659 final

⁴⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - *Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú] (COM/2019/352 final)

⁴¹ Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1)

⁴² *Resolution H1 General Guidelines for the Sustainable Management of Forests in Europe* [Rún H1 Treoirlínte Ginearálta maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí san Eoraip], Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993.

⁴³ Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE, Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018.

rialacháin táirgí a leagtar síos de bhun Treoir 2009/125/CE45, agus Rialachán (AE) 2017/136946.

- (20) Maidir le gach cuspóir comhshaoil, ba cheart critéir aonfhoirmeacha a leagan síos chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheas mar chinn atá ag rannchuidiú go mór leis an gcuspóir sin. Ba cheart gur ghné amháin de na critéir aonfhoirmeacha dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo a sheachaint. Ba cheart a chur san áireamh leis na critéir sin an tionchar ó tháirgeadh, úsáid agus deireadh ré na dtáirgí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'fhonn a sheachaint go meastar gur infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de iad, cé go ndéanann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann tairbhe as na hinfeistíochtaí sin dochar don chomhshaoil ar mó í ná rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin do chuspóir comhshaoil. Leis na coinníollacha i leith rannchuidiú suntasach agus i leith dochar suntasach ar bith a dhéanamh, ba cheart féachaint chuige, trí infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go rannchuideofar i ndáiríre leis na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach.
- (21) Ag meabhrú an ghealltanais chomhpháirtigh a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun na prionsabail atá cumhdaithe i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta a shaothrú d'fhonn tacú le fás inbhuanaithe, cuimsitheach, agus ag aithint ábharthacht chearta agus chaighdeáin íosta idirnáisiúnta an duine agus na gcearta agus na gcaighdeán íosta idirnáisiúnta saothair, ba cheart nár mhór gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith i gcomhréir le coimircí íosta chun cáiliú mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ar an gcúis sin níor cheart do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha cáiliú mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ach amháin nuair a dhéantar iad i gcomhréir le treoirlínte ECFE maidir le fiontair ilnáisiúnta agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, na hocht gcoimhinsiún bhunúsacha de chuid EIS agus an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine. Sainítear i gcoimhinsiún EIS cearta an duine agus cearta saothair ar cheart do chuideachtaí a urramú. Cumhdaítear roinnt de na caighdeáin idirnáisiúnta sin freisin i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Tá na coimircí íosta sin gan dochar do chur i bhfeidhm ceanglais atá níos déine ná mar a bhí maidir leis an an gcomhshaoil, le sláinte agus le sábháilteacht agus le hinbhuanaitheacht shóisialta a leagtar amach i ndlí an Aontais, i gcás inarb infheidhme.
- (22) I bhfianaise na sonraí teicniúla sonracha is gá chun measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil gníomhaíochta eacnamaíche agus i bhfianaise gur dual d'athruithe tarlú go sciobtha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht araon, ba cheart na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur in oiriúint go rialta do na hathruithe sin. Chun go mbeidh na critéir cothrom le dáta, bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar ionchur ó shaineolaithe chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha, ba cheart na coinníollacha maidir le rannchuidiú suntasach agus dochar suntasach

⁴⁴ Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (OJ L 156, 19.6.2018, p.75-91)

⁴⁵ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10-35)

⁴⁶ Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. -23)

a shonrú tuilleadh i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla agus ba cheart iad a nuashonrú go rialta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún critéir scagtha theicniúla, atá mionsonraithe agus calabraithe, a leagan síos i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha difriúla, ar bhonn an ionchuir theicniúil ó ardán il-gheallsealbhóra.

- (23) Bíonn drochthionchar ag roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaol, agus is féidir rannchuidiú go mór le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó ach an drochthionchar sin a laghdú. I gcás na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, is iomchuí critéir scagtha theicniúla a leagan síos lena gceanglaítear feabhas mór a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil i gcomparáid le meán an tionscail, inter alia, ach ag an am céanna lena seachnaítear dian-ghaibhniú carbóin ar bith le linn saolré eacnamaíoch na gníomhaíochta eacnamaíche maoinithe. Ba cheart tionchar fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche ar leith a mheas sna critéir sin freisin.
- (24) Níor cheart a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de más mó an dochar a dhéantar don chomhshaol dá barr ná na sochair a thugtar léi. Ba cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla na ceanglais íosta is gá chun dochar suntasach do na cuspóirí ábhartha uile a sheachaint. Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á nuashonrú, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na critéir sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ar fáil agus go nuashonraítear iad go rialta. I gcás ina bhfágann an mheastóireacht eolaíoch nach féidir an riosca a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE. Ba cheart na critéir scagtha theicniúla a bhunaítear maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus an réasúnaíocht is bun lena roghnú a chur ar fáil ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir.
- (24a) Agus na critéir scagtha theicniúla á sainiú, ba cheart don Choimisiún an próiseas idirthréimhseach riachtanach i dtreo geilleagar aeráid-neodrach a chur san áireamh agus a dhreasú. Beidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag teastáil ón aistriú, ar lú an dochar a dhéanann siad don chomhshaol, agus ag an am céanna déantar é a áirithiú nach ndéanfar aon infheistíocht i ngníomhaíochtaí nach ndéanann dochar don chomhshaol sa lá atá inniu ann nó i gcaitheamh shaolré na sócmhainne, nó a dhéanann dochar don chomhshaol níos lú ná mar a dhéanadh gníomhaíochtaí atá ann cheana, ach ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann bonneagair nó suiteálacha a bhuanú nach bhfuil comhoiriúnach le neodracht na ngás ceaptha teasa, agus le cuspóirí comhshaoil fadtéarmacha eile.

Ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla go mbeidh bealach inchreidte i dtreo spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a roghnaítear, lena n-áirítear Comhaontú Pháras. Ba cheart na critéir theicniúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí idirthréimhseacha sin a choigeartú go rialta chun bealach aistrithe i dtreo spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a roghnaítear, lena n-áirítear Comhaontú Pháras.

- (25) Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á nuashonrú, ba cheart don Choimisiún dlí ábhartha an Aontais a chur san áireamh, chomh maith le hionstraimí neamhrechtacha an Aontais atá i bhfeidhm cheana féin, lena n-áirítear Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷, Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil⁴⁸, critéir an Aontais um Sholáthar Poiblí Glas⁴⁹ agus an obair

⁴⁷ Rialachán (CE) 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

⁴⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus

leanúnach ar na rialacha maidir le Lorg Comhshaoil Táirgí agus Eagraíochtaí⁵⁰. Chun neamhréireachtaí neamhriachtanacha le haicmithe ar gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ann cheana chun críocha eile a sheachaint, ba cheart don Choimisiún na haicmithe staidrimh a bhaineann leis an Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil a chur san áireamh freisin, eadhon Aicmiú na nGníomhaíochtaí maidir le Cosaint an Chomhshaoil agus Caiteachas (CEPA) agus Aicmiú na nGníomhaíochtaí Bainistithe Acmhainní (CREMA)⁵¹.

- (26) Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú agus á nuashonrú, ba cheart don Choimisiún sainiúlachtaí earnáil an bhonneagair, agus seachtrachtaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh laistigh d'anailís chostais agus tairbhe. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail OECD, ar reachtaíocht agus caighdeán ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵², Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³, Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁴, Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁵, Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁶, agus ar an modheolaíocht atá ann faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart creataí rialachais iomchuí a chur chun cinn leis na critéir scagtha theicniúla, ar creataí iad lena ndéantar comhtháthú ar thosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, dá dtagraítear sna Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach⁵⁷ a dtacaíonn na Náisiúin Aontaithe leo, i ngach céim de shaolré thionscadail.
- (27) Chun saobhadh iomaíochta a sheachaint agus maoiniú á thiomsú i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla gur féidir le gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh d'earnáil shonrach cáiliú mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go gcaithfear go cothrom leo más ionann a rannchuidiú glan agus ceann amháin nó níos mó de

iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1–45).

⁴⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Public procurement for a better environment* [Soláthar Poiblí le haghaidh comhshaoil níos fearr] {SEC(2008) 2124} {SEC(2008) 2125} {SEC(2008) 2126} COM/2008/0400 final.

⁵⁰ 2013/179/AE: Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoilsaolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1–210).

⁵¹ Iarscríbhinn 4 agus Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 538/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (IO L 158, 27.5.2014).

⁵² Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

⁵³ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaoil (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

⁵⁴ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

⁵⁵ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁵⁶ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

⁵⁷ <https://www.unpri.org/download?ac=1534>.

na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán seo. D'fhéadfadh na hearnálacha a bheith éagsúil ó thaobh a n-acmhainneacht fhéideartha chun rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil sin, agus ba cheart é sin a léiriú sna critéir. Laistigh de gach earnáil, áfach, níor cheart go bhfágfadh na critéir sin go mbeadh gníomhaíocht eacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste éagórach i gcomparáid le ceann eile má bhíonn an méid céanna rannchuidithe i gceist leis an gcéad cheann i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil agus a bhíonn i gceist leis an dara ceann.

- (28) Agus critéir scagtha theicniúla i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de á mbunú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an mbeadh sócmhainní tréigthe nó dreasachtaí neamhréireacha ann mar thoradh ar na critéir sin a ghlacadh, nó an mbeadh aon drochthionchar eile acu ar mhargaí airgeadais.
- (29) Chun ualach ró-mhór costas comhlíontachta ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, ba cheart don Choimisiún critéir scagtha theicniúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le soiléire dhlíthiúil leordhóthanach, ar critéir iad atá indéanta agus ar féidir iad a chur i bhfeidhm go héasca, agus ar féidir comhlíonadh na gcritéir sin a fhíorú laistigh de theorainneacha réasúnta i dtaobh costais chomhlíonta.
- (30) Chun a áirithiú go ndéantar infheistíochtaí a threorú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbeidh an tionchar dearfach is mó acu ar na cuspóirí comhshaoil, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt do chritéir scagtha theicniúla a bhunú i leith na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a d'fhéadfadh an rannchuidiú ba mhó a bheith i gceist leo i dtaca leis na cuspóirí comhshaoil.
- (31) Ba cheart critéir scagtha theicniúla iomchuí a bhunú don earnáil iompair, lena n-áirítear le haghaidh sócmhainní soghluaiste, agus ba cheart a chur san áireamh leo gur ón earnáil iompair, lena n-áirítear loingseoireacht idirnáisiúnta, a thagann gar do 26% d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Mar a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú⁵⁸, is san earnáil iompair atá thart ar 30% de na riachtanais infheistíochta bliantúla breise don fhorbairt inbhuanaithe san Aontas, lena n-áirítear trí chur leis an leictriú nó trí aistriú chuig modhanna iompair ar glaine iad ná mar a bhí trí aistriú córa iompair agus bainistiú tráchta a chur chun cinn.
- (32) Agus na critéir scagtha theicniúla á bhforbairt, tá sé fíorthábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí i gcomhréir leis na ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr. Ba cheart geallsealbhóirí ábhartha a bheith páirteach sa phróiseas faoina mbunófar na critéir scagtha theicniúla agus faoina nuashonraítear iad, agus ba cheart don próiseas sin an chomhairle ó shaineolaithe a bhfuil eolas agus taithí chruthaithe acu sna réimsí ábhartha a fhorbairt. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bhunú. Ba cheart an tArdán sin a bheith comhdhéanta de shaineolaithe lena ndéantar ionadaíocht ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach araon. Ba cheart saineolaithe ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta a áireamh in ionadaithe na hearnála poiblí. Ba cheart ionadaithe ó na geallsealbhóirí ábhartha a áireamh i saineolaithe na hearnála príobháidí, lena n-áirítear gníomhaithe sa mhargadh airgeadais, ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le hionadaithe na n-earnálacha agus na dtionscal eacnamaíoch ábhartha. Ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir leis na critéir scagtha theicniúla a fhorbairt, a anailísiú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear a dtionchar féideartha ar luacháil sócmhainní ar measadh, go dtí glacadh na gcritéir scagtha teicniúil, gur shócmhainní iad a bhí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi chuimsiú critéir nó

⁵⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle an Banc Ceannais Eorpach, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Action Plan: Financing Sustainable Growth* [Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú] (COM(2018) 97 final)

cleachtais mhargaidh atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart don Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil le haghaidh tuilleadh úsáidí i dtionscnaimh bheartais de chuid an Aontais amach anseo a bheidh dírithe ar infheistíocht inbhuanaithe a éascú. Ba cheart don Ardán dul i mbun comhairliúcháin sheachtracha, lena mbaineann príomhionadaithe eile ó earnáil na tionsclaíochta, de réir mar is iomchuí. Agus an chomhairle á hullmhú aige maidir leis na critéir scagtha theicniúla a bhunú agus a fhorbairt, ba cheart don Ardán an fhaisnéis ábhartha a nochtadh a thacaíonn lena measúnú agus an réasúnaíocht agus an t-údar leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a áirítear i gcritéir scagtha theicniúla a thabhairt, nó an cinneadh gan iad a áireamh

- (33) Chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go leordhóthanach i bhforbairt na gcritéar scagtha teicniúil, ba cheart don Choimisiún leanúint le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le maoiniú inbhuanaithe atá ann cheana agus ba cheart dó stádas foirmiúil a sholáthar don ghrúpa saineolaithe. Is iad na cúraimí a bheidh ar an ngrúpa saineolaithe sin, inter alia, comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil agus maidir leis an gcur chuige a ghlacann an tArdán i ndáil leis na critéir sin a fhorbairt. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas trí chruinnithe rialta chun malartú tuairimí idir na Ballstáit a éascú.
- (33a) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe trí Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag saineolaithe Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chruinnithe de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag plé le hullmhú gníomhartha tarmligthe, chuig a mbeidh cuireadh faighte ag saineolaithe ó na Ballstáit. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún rochtain thráthúil a sholáthar do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát ar phríomhaschur an Ardáin.
- Maidir leis an gcomhairle a thug an tArdán don Choimisiún i leith na critéir scagtha theicniúla, tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaí an toradh a bhaineann le hiad a chur i bhfeidhm nó a ghlacadh sna margaí airgeadais ag rannpháirtithe sna margaí airgeadais a chur san áireamh inti. Ba cheart an chomhairle a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach do na margaí sula bhfoilseofar aon dréachtghníomh dlí d'fhonn ullmhúchán dá n-úsáid a cheadú.
- (33b) Chun a áirithiú go ndéanfar an obair agus cleachtais na gcruinnithe a eagrú go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe, i ndáil leis an Ardán agus le Grúpa Saineolaithe na mBallstát araon, agus chun rannpháirtíocht leathan agus idirghníomhaíocht éifeachtúil a chumasú laistigh de na grúpaí, a bhfoghrúpaí, an Coimisiún agus geallsealbhóirí, ba cheart a mheas úsáid a bhaint as módúlachtaí breise fíorúla agus digiteacha, i gcás inarb iomchuí.
- (33c) Chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú, agus go háirithe chun critéir scagtha theicniúla atá mionsonraithe agus calabraithe a bhunú agus a nuashonrú i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla maidir lena bhfuil i gceist le rannchuidiú suntasach leis na cuspóirí comhshaoil agus dochar suntasach dóibh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na critéir scagtha theicniúla a luaitear in Airteagal 6(2), Airteagal 7(2), Airteagal 8(2), Airteagal 9(2), Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(2). D'fhonn a áirithiú go gcuirfear na critéir scagtha theicniúla chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais, agus chun a n-úsáid fhorleathan a éascú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a luaitear in Airteagal 6(4), Airteagal 7(4), Airteagal 8(4), Airteagal 9(4), Airteagal 10(4) agus Airteagal 11(4) a

ghlacadh faoi chuimsiú na ngníomhartha tarmligthe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin bunaithe ar an eolaíocht agus beidh siad uailmhianach go leor i bhfianaise cuspóirí comhshaoil an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóirí teochta Chomhaontú Pháras agus gealltanais an Aontais i ndáil le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

- (33d) Cé gur cheart na hearnálacha, na critéir, na méadrachtaí agus na ceanglais maidir leis an 'dochar suntasach' dá dtagraítear faoi Airteagal 12 a shainiú sna critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe, ba cheart do ghníomh cur chun feidhme, faoi chuimsiú na ngníomhartha tarmligthe, na tairseacha nithiúla a shonrú ar féidir leo a bheith cainníochtúil nó, mura bhfuil sé indéanta, cáilíochtúil nó meascán díobh.
- (33e) Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú, ba cheart gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheasúnú ar bhealach a léiríonn na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar féidir leo rannchuidiú go suntasach le cuspóir comhshaoil amháin ar a laghad a shainaithint i dtús báire sa mheasúnú. Ar an dara dul síos, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla i leith rannchuidiú suntasach den sórt sin nach ndéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil ábhartha eile. Ar an tríú dul síos, ba cheart a áirithiú leis na ceanglais go gcomhlíonann an t-oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch cháilitheach á déanamh aige na híoschosaintí sóisialta.
- (33f) Chun maoirseacht ordúil éifeachtach ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4(2) agus Airteagal 4(2a) den Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith ag brath ar údaráis inniúla, atá ainmnithe cheana féin faoi Airteagal 14 de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil seirbhísí airgeadais, ach ainmneoidh siad freisin údarás inniúil don Rialachán seo, más gá, chun maoirseacht éifeachtúil a áirithiú. Sa bhreis air sin, chun comhlíonadh Airteagal 4(2) agus Airteagal 4(2a) den Rialachán seo a fhorfheidhmiú go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le bearta agus pionóis, agus ba cheart dóibh a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 15a agus Airteagal 15b a bhaineann lena bhfuil thuasluaite, ag an am céanna leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme agus na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa Rialachán seo.
- (34) Chun dóthain ama a fhágáil ag na gníomhaithe ábhartha go léir chun dul i dtaithe ar na critéir i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar amach sa Rialachán seo agus chun ullmhú lena gcur i bhfeidhm, ba cheart na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo mar aon leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghactar faoina chuimsiú a bheith infheidhme, i leith gach cuspóra comhshaoil, tráth nach luaithe ná 12 mhí tar éis ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme ábhartha.
- (35) Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le forbairt critéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé sásra fíoraithe a bhunú agus ar an ngá leis na critéir a athbhreithniú. Ina theannta sin, ba cheart a áireamh san athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaoil chomh maith lena iomchuí atá modheolaíocht chaighdeánaithe i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha den sórt sin, a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil, ach nach meastar go fóill a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Sa bhreis air sin, ba cheart meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin i leith na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 15 agus 16b i bhfianaise riachtanais fhadtéarmacha. Leanfaidh forbairt agus nuashonrú na gcritéar scagtha teicniúil ar feadh roinnt blianta. Tá cúraimí eile ar an Ardán freisin. D'fhonn feidhmeanna leathana, inchreidte agus inacmhainne a áirithiú, ba cheart rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát a fhiosrú, mar aon lena indéanta atá samhlacha rialachais mhalartaigh agus a n-impleachtaí buiséadacha.

Ba cheart do chreat dlí an Aontais gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe a spreagadh atá le déanamh ag lear mór oibreoirí eacnamaíocha, mar shampla fiontair bheaga agus mheánmhéide agus eisiitheoirí liostaithe. Chomh maith leis sin, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhreasú le fiachas agus caipiteal cothromais a ardú dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe agus don aistriú chuig gnó inbhuanaithe. Ní áirítear go díreach le raon feidhme an Rialacháin cuideachtaí agus eintitis eile. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil bearta forfheidhmiúcháin ó údarais inniúla dírithe ar go leor cuideachtaí liostaithe nó neamhliostaithe, cé gur féidir leo an tacsanomaíocht a úsáid go deonach. Mar sin d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú inbhuanaithe. Ba cheart anailís a dhéanamh ar an féidir nó nach féidir tionchar a bheith ag raon feidhme an Rialacháin agus ag reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais ar na sreafaí caipitil chuig gníomhaíochtaí eacnamaíocha níos inbhuanaithe, agus ar éagsúlacht na bhfoinsí cistiúcháin ó na cineálacha éagsúla oibreoirí eacnamaíocha.

- (36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar an ngá atá le critéir aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo na critéir chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a shuíomh.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:
 - a. bearta arna nglacadh ag na Ballstáit nó ag an Aontas lena leagtar amach aon cheanglais atá ar rannpháirtithe nó eisitheoirí sa mhargadh airgeadais i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna gcur ar fáil mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
 - b. rannpháirtithe sa margadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuireann le cuspóir comhshaoil nó cuspóirí comhshaoil.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn 'infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' infheistíocht lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn faoin Rialachán seo mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;
 - (b) ciallaíonn 'rannpháirtí sa mhargadh airgeadais' rannpháirtí sa mhargadh airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais, agus foráil rogha an ghlactha dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán céanna á cur san áireamh;
 - (c) ciallaíonn 'táirge airgeadais' táirge airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(l) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais;
 - (ca) ciallaíonn "eisitheoir" eisitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 2(h) de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁹;

⁵⁹ Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad le haghaidh trádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch 12).

- (d) ciallaíonn 'maolú ar an athrú aeráide' an próiseas a bhaineann leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda á choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú do 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;
- (e) ciallaíonn 'oiriúnú don athrú aeráide' an próiseas chun oiriúnú don athrú aeráide iarbhír agus don athrú aeráide a bhfuiltear ag súil leis agus dá thionchair;
- (f) ciallaíonn "gás ceaptha teasa" gás ceaptha teasa a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide⁶⁰;
- (g) ciallaíonn 'geilleagar ciorclach' luach na dtáirgí, na n-ábhar agus na n-acmhainní eile sa gheilleagar a chothabháil chomh fada agus is féidir, feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na bpróiseas táirgthe agus tomhaltas inbhuanaithe a éascú, agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú dá bharr, agus dramhaíl a íoslághdú agus substaintí guaiseacha a scaoileadh i ngach céim den saolré, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm ord na réiteach dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 4 de Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;⁶¹
- (ga) ciallaíonn 'truailleáin' substaintí, creathadh, teas, torann, solas nó éilleáin eile arb ann dóibh in aer, in uisce nó i dtalamh, a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó don chomhshaol, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin ábhartha, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus d'úsáidí dlisteanacha eile de chuid an chomhshaoil nó cur isteach orthu, lena n-áirítear na truailleáin sin a chumhdaítear le reachtaíocht AE;
- (gb) ciallaíonn 'ithir' brat uachtair an Domhain atá suite idir an chloch choirnéil agus an dromchla, atá comhdhéanta as cáithníní mianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus orgánaigh bheo;
- (h) ciallaíonn 'truailiú':
 - (i) truailleáin a thabhairt isteach go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, san uisce nó sa talamh;
 - (ii) i gcomhthéacs na muirthimpeallachta, truailiú mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(8) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶²;

⁶⁰ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

⁶¹ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

⁶² Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19–40).

- (iii) i gcomhthéacs na timpeallachta uisce, truailliú mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(33) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶³;
- (ha) ciallaíonn "éiceachóras" coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus miocrorgánach agus a dtimpeallacht neamhbheo agus iad ag idirghníomhú mar aonad feidhmiúil;
- (hb) ciallaíonn 'seirbhísí éiceachórais' a mhéid a chuireann éiceachórais go díreach agus go hindíreach le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus eile a bhaineann daoine as éiceachórais;
- (hc) ciallaíonn "bithéagsúlacht" athraitheacht i measc orgánaigh beo ó gach foinse, lena n-áirítear, inter alia, éiceachórais talún agus mhuirí agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; áirítear éagsúlacht i measc speiceas, idir speicis agus éiceachórais leis sin;
- (j) ciallaíonn 'éifeachtúlacht fuinnimh' úsáid a bhaint as fuinneamh ar shlí níos éifeachtúla i ngach céim den slabhra fuinnimh ó tháirgeadh go dtí an tomhaltas deiridh i gcomhréir le Treoir 2012/27/AE;
- (k) ciallaíonn 'dea-stádas comhshaoil' dea-stádas comhshaoil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(5) de Threoir 2008/56/CE;
- (ka) ciallaíonn 'stádas maith' stádas maith ceimiceach agus stádas maith éiceolaíoch i gcás uiscí dromchla, agus stádas maith cainníochtúil i gcás screamhuiscí, mar atá aicmithe i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, le Treoir 2008/105/CE agus le Treoir 2006/118/CE;
- (kb) ciallaíonn 'acmhainn mhaith éiceolaíoch' an stádas atá ag dobharlach a modhnaíodh go mór nó ag dobharlach saorga, ar stádas é a aicmítear amhlaidh i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE;
- (l) ciallaíonn 'uiscí mara' uiscí mara mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/56/CE;
- (m) beidh le 'uisce dromchla' agus 'screamhuisce' an chiall chéanna atá leo i bpointí (1) agus (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2000/60/CE⁶⁴;
- (o) ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás náisiúnta arna ainmniú ag Ballstát chun maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i ndáil leo ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

⁶³ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (an Chreat-treoir Uisce) (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1-73).

⁶⁴ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

Caibidil II

Gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de

Airteagal 3

Critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de
Measfar gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcás ina gcomhlíonann an ghníomhaíocht sin na critéir seo a leanas go léir:

- (a) rannchuidíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach, i gcomhréir le hAirteagal 6 go hAirteagal 11, le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach in Airteagal 5, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a chumasú chun feabhas suntasach a chur ar a fheidhmíocht chomhshaoil i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin;
- (b) ní dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (c) déantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch i gcomhréir leis na coimircí íosta a leagtar síos in Airteagal 13;
- (d) comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch critéir scagtha theicniúla a shonraigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2) agus 11(2).

Airteagal 4

Úsáid a bhaint as na critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de

1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na critéir mar bhonn agus mar íoscheanglais leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chinneadh, a leagtar amach in Airteagal 3 agus Airteagal 5, chun críocha aon bhearta, seachas bearta fioscacha, lena leagtar síos ceanglais ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha a chuirtear ar fáil mar chinn atá 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de'.
2. I gcás ina gcuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais táirgí airgeadais ar fáil mar 'infheistíochtaí inbhuanaithe' a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil, faoi Airteagal 2(q) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais, beidh feidhm ag mír 2a den Rialachán seo maidir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal (1), (2) agus (3), Airteagal 10(1) agus Airteagal 11(1) agus Airteagal 13(1) de Rialachán XYZ/2019.
 - 2a. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an chaoi a gcomhlíonann an infheistíocht na critéir maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus a mhéid a dhéanann siad amhlaidh, a shonrú, mar atá leagtha amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 5. Leis an bhfaisnéis sin beidh infheisteoirí in ann cion na n-infheistíochtaí lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainiú mar chéatadán de na hinfeistíochtaí go léir a roghnaíodh don táirge airgeadais.
 - 2b. I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch nach gcomhlíonann na critéir scagtha theicniúla atá leagtha síos i gcomhréir leis an Rialachán seo nó nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla den chineál sin bunaithe

fós ina leith, gur cheart í a mheas mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh siad an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (an tArdán) a chur ar an eolas faoi sin.

- 2c. Déanfaidh ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM, trí Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach ("Comhchoiste") dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun mionsonraí chur i láthair agus ábhar na faisnéise a shonrú mar 4(2)(a) den Rialachán seo agus chun na mionsonraí sin a forbraíodh faoi Airteagail 9(5), 10(2), 11(4) agus 13(2) de Rialachán XYZ/2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais a chomhlánú.

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt ag ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA, cuirfear san áireamh na cineálacha éagsúla táirgí airgeadais, na cuspóirí atá acu agus na difríochtaí eatarthu sin agus é mar aidhm nochtaí cruinne, soiléire, nach bhfuil míthreorach, a dhéanamh, agus iad simplí agus gonta chomh maith.

Cuirfidh ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ...[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach, le do thoil, an dáta 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Tarmligtear cumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 5 *Cuspóirí comhshaoil*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh siad seo a leanas ina gcuspóirí comhshaoil:

- (1) maolú ar an athrú aeráide;
- (2) oiriúnú don athrú aeráide;
- (3) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint;
- (4) aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl;
- (5) cosc agus rialú ar thruailliú;
- (6) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Airteagal 6 *Rannchuidiú suntasach le maolú ar an athrú aeráide*

1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach le maolú ar an athrú aeráide i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go suntasach le cobhsú na dtiúchan gás ceaptha teasa san atmaisféar ar leibhéal a chuireann cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach leis an gcóras aeráide trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint nó a laghdú nó trí fheabhas a chur ar bhaint gás ceaptha teasa trí aon cheann de na modhanna seo a leanas, lena n-áirítear trí nuálaíocht phróisis nó táirge, comhréireach le spriocanna fadtéarmacha teochta Chomhaontú Pháras:

- (a) fuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001⁶⁵ nó fuinneamh a bheadh neodrach ó thaobh aeráide de a ghiniúint, a tharchur, a stóráil nó a dháileadh (lena n-áirítear fuinneamh atá neodrach ó thaobh carbóin de), lena n-áirítear trí leas a bhaint as teicneolaíocht nuálach a bhféadfaí coigilteas suntasach a dhéanamh sa todhchaí dá barr nó trí atreisiú riachtanach nó leathnú na greille;
- (b) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú;
- (c) cur le soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh aeráide de;
- (d) aistriú chuig úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite agus ábhair in-athnuaite;
- (e) úsáid gabhála agus stórála carbóin a mhéadú i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE, agus gabháil agus úsáid carbóin a mhéadú;
- (f) astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa a chéimniú amach, as breoslaí iontaise go háirithe;
- (g) bonneagar fuinnimh a bhunú is gá chun dícharbónú a dhéanamh ar chórais fuinnimh;
- (h) breoslaí glana, éifeachtúla a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite nó ó fhoinsí atá neodrach ó thaobh carbóin de;
- (i) linnte carbóin talaimh a neartú.

1a. Chun críocha mhír 1, measfar freisin gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ina rannchuidiú suntasach i ndáil le maolú ar an athrú aeráide i gcás ina dtacaíonn sí leis an aistriú chuig geilleagar a bheadh neodrach ó thaobh na haeráide de, as a dtagann laghduithe suntasacha carbóin, ina bhfuil feidhmíocht chomhshaoil atá i bhfad níos fearr ná meán an tionscail agus a sheachnaíonn dian-ghaibhniú carbóin ar bith le linn saolré eacnamaíoch na gníomhaíochta eacnamaíche maoinithe.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar é, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfear san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margaí caipitil, chun na críocha seo a leanas:

- (a) mír 1 agus mír 1a a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach le maolú ar an athrú aeráide maidir leis na nithe a leanas;

(i) aicmiú agus rúibric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;

⁶⁵ Treoir AE 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209)

- (ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus
 - (iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.
- (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.
3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.
4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.
5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 7
Rannchuidiú suntasach le hoiriúnú ar an athrú aeráide

1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach le hoiriúnú don athrú aeráide:
- (a) i gcás ina laghdaítear go suntasach drochthionchar na haeráide atá ann faoi láthair nó lena bhfuiltear ag súil amach anseo nó na rioscaí a bhaineann le drochthionchair an athraithe aeráide ar an ngníomhaíocht í féin, gan na leochaileachtaí a bhaineann leis an aeráid i dtimpeallachtaí agus gníomhaíochtaí eile a mhéadú;
 - (b) i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go suntasach le cosc nó laghdú ar dhrochthionchar na aeráide atá ann faoi láthair agus lena bhfuil ag súil amach anseo nó na rioscaí a bhaineann le drochthionchair an athraithe aeráide gan leochaileachtaí i dtimpeallachtaí agus gníomhaíochtaí eile a mhéadú.
- 1a. Déanfaidh an ghníomhaíocht eacnamaíoch dá dtagraítear faoi phointe (a) agus (b) den chéad mhír rannchuidiú suntasach d'oiriúnú don athrú aeráide trí cheachtar de na modhanna seo a leanas:
- (a) drochthionchair an athraithe aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a chosc nó a laghdú, ar tionchair iad a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs agus an suíomh. Déanfar na tionchair sin a mheas agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáide as na réamh-mheastacháin aeráide is fearr atá ar fáil;

- (b) na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht thógtha ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch a chosc nó a laghdú. Déanfar na tionchair sin a mheas agus a chur in ord tosaíochta ag baint úsáide as na réamh-mheastacháin aeráide is fearr atá ar fáil.
2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar é, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfear san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margáí caipitil, chun na críocha seo a leanas:
- (a) mír 1 agus mír 1a a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach le hoiriúnú don athrú aeráide maidir leis an méid a leanas:
- (i) aicmiú agus rúibric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;
- (ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus
- (iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.
- (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.
3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.
4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.
5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 8

Rannchuidiú suntasach le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint

1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach le húsáid inbhuanaithe uisce agus acmhainní mara agus lena gcosaint i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go suntasach le stádas doibhrialach a fheabhsú nó le meathlú an stádais sin a chosc, lena

n-áirítear uisce dromchla agus an screamhuisce, nó le stádas comhshaoil na n-uiscí mara a fheabhsú, nó meathlú an stádais sin a chosc, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:

- (a) an comhshaol a chosaint ar dhrochthionchar a ghabhann le scaoileadh fuíolluisce uirbigh agus thionsclaíoch, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar iad a bhailiú, a chóireáil agus a urscaoileadh go leordhóthanach;
- (b) sláinte an duine a chosaint ar dhrochthionchar a ghabhann le haon éilliú uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine trína áirithiú go bhfuil sé saor ó aon mhíocroorgánaigh, paraisítí agus substaintí a d'fhéadfadh sláinte an duine a chur i mbaol, chomh maith le rochtain na saoránach ar uisce óil glan a mhéadú;
- (c) [scriosta]
- (d) feabhas a chur ar bhainistiú agus éifeachtúlacht uisce, lena n-áirítear cosc a chur ar mheathlú, stádas na n-éiceachóras uisceach a chosaint agus a fheabhsú, úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach acmhainní uisce atá ar fáil, lena n-áiríteofar laghdú céimnitheach na n-astaíochtaí truailleán in uisce dromchla agus screamhuisce, nó lena gcuirtear le héifeachtaí tuilte agus triomach, nó lena ndíolmhú, nó le haon ghníomhaíocht eile lena gcosnaítear nó lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus stádas cainníochta na ndobharlach;
- (e) úsáid inbhuanaithe éiceachórais, acmhainní, earraí agus seirbhísí muirí a áirithiú trí thimpeallacht muirí a chosaint agus a chaomhnú agus cosc a chur ar mheath na timpeallachta muirí sin, nó éiceachórais muirí a athbhunú i limistéir ina ndearnadh dochar dóibh.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar é, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfeadh san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margáí caipitil, chun na críocha seo a leanas:

- (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint maidir leis an méid a leanas:
 - (i) aicmiú agus rúibric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;
 - (ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus
 - (iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.
- (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.
4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.
5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 9

Rannchuidiú suntasach leis an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl

1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go suntasach leis an gcuspóir comhshaoil sin trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:
 - (a) feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil amhábhair i dtáirgeadh, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bun-amhábhair agus cur leis an úsáid inbhuanaithe a bhaintear as seachtháirgí agus amhábhair thánaisteacha;
 - (b) cur le marthanacht táirgí agus leis an acmhainneacht iad a dheisiú, a uasghrádú nó a athúsáid;
 - (c) cur lena mhéid is féidir táirgí a athchúrsáil, lena n-áirítear ábhair aonair atá i dtáirgí, inter alia trí úsáid a bhaint as táirgí agus ábhair eile in ionad cinn nach féidir a athchúrsáil nó trí laghdú a dhéanamh ar úsáid táirgí agus ábhar nach féidir a athchúrsáil;
 - (d) laghdú suntasach a dhéanamh ar inneachar na substaintí guaiseacha in ábhair agus i dtáirgí i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais ar fud an tsaolré, lena n-áirítear trí roghanna níos sábháilte a chur ina n-ionad agus trí inrianaitheacht a fheabhsú;
 - (e) fad a chur leis an úsáid a bhaintear as táirgí, foirgnimh, saoráidí agus bonneagar, lena n-áirítear trí athúsáid, dearadh ar mhaithe le fad saoil, athearraíocht, díchóimeáil, athmhonarú, deisiú agus comhroinnt;
 - (f) cur leis an úsáid a bhaintear as amhábhair thánaisteacha agus lena gcáilíocht, lena n-áirítear athchúrsáil ardchaighdeáin;
 - (g) giniúint dramhaíola a chosc nó a laghdú;
 - (h) cur leis an ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus athchúrsála;
 - (i) loscadh a íoslaghdú agus diúscairt (lena n-áirítear líonadh talún) a sheachaint, i gcomhréir le prionsabail ord na réiteach dramhaíola mar atá leagtha amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE;

- (j) bruscar a sheachaint;
- (k) úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha a fheabhsú, trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus éifeachtúlachta acmhainní as a dtiocfaidh coigilteas suntasach.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar iad, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfear san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margaí caipitil, chun na críocha seo a leanas:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl i ndáil leis an méid a leanas:

(i) aicmiú agus rúbric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;

(ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus

(iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.

4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.

5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 10
Rannchuidiú suntasach le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach le cosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go mór le cosaint don chomhshaol ó thruailliú trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:
 - (a) astaíochtaí truailleán san aer, uisce nó talamh, seachas gás ceaptha teasa, a chosc nó a laghdú;
 - (b) leibhéil cháilíochta aeir, uisce nó ithreach a fheabhsú sna limistéir ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus íoslaghdu a dhéanamh ar an drochthionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar an mbaol ina leith;
 - (c) drochthionchar suntasach ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol de bharr táirgeadh agus úsáid ceimiceán a chosc;
 - (d) bruscar agus truailliú eile a ghlanadh.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar é, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfear san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margá caipitil, chun na críocha seo a leanas:
 - (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad sin faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach le cosc agus rialú ar thruailliú maidir leis an méid a leanas:
 - (i) aicmiú agus rúibric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;
 - (ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus
 - (iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.
 - (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.

4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.
5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 11

Rannchuidiú suntasach le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go suntasach le héiceachórais a chosaint agus a athbhunú i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go suntasach le cosaint, caomhnú agus feabhsú seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais i gcomhréir leis na hionstraimí reachtacha agus neamhreachtacha ábhartha de chuid an Aontais, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:
 - (a) an nádúr agus an bithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear stádas caomhnaithe gnáthóg agus speiceas a chosaint agus a fheabhsú, éiceachórais talún, mhuirí agus uisceacha a athbhunú d'fhonn a stádas a fheabhsú agus feabhas a chur ar a gcumas chun seirbhísí a sholáthar;
 - (b) úsáid agus bainistiú inbhuanaithe talún, lena n-áirítear cosaint leordhóthanach ar bithéagsúlacht ithreach, neodracht an díghrádaithe talún, agus láithreáin éillithe a fheabhsú;
 - (c) cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd a chuireann leis an mbithéagsúlacht a chothabháil nó a fheabhsú nó chun díghrádú ithreacha agus éiceachóras eile, dífhoraíocht agus cailleanas gnáthóige a stopadh nó a chosc;
 - (d) bainistiú inbhuanaithe ar chleachtais bainistithe foraoisí.
2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 16 agus, sula nglacfar é, baileoidh an Coimisiún an saineolas ar fad atá riachtanach ón Ardán maidir le critéir scagtha theicniúla agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na gcritéar, lena gcuirfear san áireamh toradh a gcur i bhfeidhm ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, agus a nglacadh agus a dtionchar ar na margaí caipitil, chun na críocha seo a leanas:
 - (a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go suntasach le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a fheabhsú maidir leis an méid a leanas:
 - (i) aicmiú agus rúibric earnála de ghníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;
 - (ii) na critéir is infheidhme maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith; agus

- (iii) na méadrachtaí a úsáidtear chun feidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta eacnamaíche a thomhas, lena n-áirítear sainiú a dhéanamh ar theorainneacha le haghaidh an tomhais seo.
 - (b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.
3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i ngníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.
 4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tairseacha cainníochtúla nó cáilíochtúla, nó teaghlaim díobh, nach mór don ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh ionas go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16a.
 5. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe agus an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 faoin 31 Nollaig 2021, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 12

Dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil

Chun críocha Airteagal 3(b), measfar go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach don méid a leanas:

- (a) maolú ar an athrú aeráide, i gcás ina mbíonn an ghníomhaíocht sin ina cúis le méid suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa;
- (b) oiriúnú don athrú aeráide, i gcás ina gcuirtear leis an drochthionchar ar an aeráid atá ann faoi láthair, agus an aeráid a mheastar a bheidh ann, de bharr na gníomhaíochta sin, i gcás na timpeallachta nádúrtha agus na timpeallachta tógtha ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht sin agus níos faide i gcéin;
- (c) úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin dochar do dea-stádas nó, i gcás inarb ábhartha, dea-acmhainneacht éiceolaíoch dobharlach, lena n-áirítear uiscí dromchla agus screamhuiscí, nó do dhea-stádas comhshaoil uiscí mara;
- (d) an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, i gcás ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i gceist maidir le húsáid ábhar i gcéim amháin nó níos mó de shaolré táirgí de bharr na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear i dtéarmaí marthanacht táirgí agus i dtaca leis an acmhainneacht iad a dheisiú, a uasghrádú, a athúsáid nó a athchúrsáil; nó i gcás ina

dtagann méadú suntasach ar ghiniúint, ar loscadh nó ar dhiúscairt (lena n-áirítear líonadh talún) de dheasca na gníomhaíochta sin de dhiallas ó thosaíochtaí ord na réiteach dramhaíola atá leagtha amach in Airteagal 4 de Treoir 2008/98/CE;

- (e) cosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina dtagann méadú suntasach ar na hastaíochtaí truaileán san aer, san uisce nó sa talamh de bharr na gníomhaíochta sin, i gcomparáid leis an gcás sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht;
- (f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin díobháil shuntasach do stádas na ngnáthóg agus na speiceas, agus chun dea-stádas éiceachóras agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad a bhaint amach nó a chothú, nó i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin dochar do stádas caomhnaithe gnáthoga agus speiceas ar leas an Chomhphobail, i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE⁶⁶ agus Treoir 2009/147/CE⁶⁷.

Airteagal 13 *Íoschaighdeáin*

Is éard a bheidh sna coimircí fosta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3 nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú go mbeidh ailíniú le treoirlínte ECFE maidir le fiontair ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

Airteagal 14 *Ceanglais maidir le critéir scagtha theicniúla*

1. Maidir leis na critéir scagtha theicniúla arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 6(2) agus (4), 7(2) agus (4), 8(2) agus (4), 9(2) agus (4), 10(2) agus (4) agus 11(2) agus (4), déanfaidh siad an méid a leanas:
 - (a) na ranncuidithe féideartha is ábhartha leis an gcuspóir comhshaoil áirithe a shainaithint, agus prionsabal na neodrachtá ó thaobh na teicneolaíochta de á urramú ag an am céanna, agus tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe á meas;
 - (b) na híoscheanglais nach mór a chomhlíonadh chun díobháil shuntasach do gach cuspóir comhshaoil ábhartha a sheachaint, agus an tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe á meas;
 - (c) beidh siad cainníochtúil agus beidh tairseacha iontu a mhéid is féidir, agus beidh siad cáilíochtúil murach sin;

⁶⁶ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthoga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú. XIV.

⁶⁷ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú. XIII.

- (d) i gcás inarb iomchuí, forbróidh siad scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin de chuid an Aontais, modheolaíochtaí de chuid an Aontais chun an lorg comhshaoil a mheas, agus córais aicmithe staidrimh de chuid an Aontais, agus cuirfear san áireamh iontu aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais atá ann cheana;
 - (e) beidh siad bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus cuirfear san áireamh leo, i gcás inarb ábhartha, prionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE;
 - (f) cuirfear san áireamh leo tionchar na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar an gcomhshaol, chomh maith leis an tionchar ar an gcomhshaol atá ag na táirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear de bharr na gníomhaíochta eacnamaíche sin, go háirithe trína dtáirgeadh, trína n-úsáid agus trí dheireadh a ré a bhreithniú;
 - (g) cuirfear san áireamh cineál agus scála na gníomhaíochta eacnamaíche, lena n-áirítear cineál cumasúcháin na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3 agus gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcomhréir le Airteagal 6(1a);
 - (h) cuirfear san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe ar an margadh, lena n-áirítear an baol go mbeidh sócmhainní áirithe tréigthe mar thoradh air, agus an riosca go gcruthófar dreasachtaí neamhréireacha chun infheistíocht a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe;
 - (i) cumhdófar leo gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh d'earnáil shonrach agus áiritheofar go gcaithfear go cothrom leis na gníomhaíochtaí sin má tá rannchuidiú glan acu atá cothrom le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil atá leagtha síos in Airteagal 5 den Rialachán seo, chun saobhadh iomaíochta sa mhargadh a sheachaint;
 - (j) leagfar síos iad chun fíorú chomhlíonadh na gcritéar sin a éascú.
2. Áireofar leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 freisin critéir i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go suntasach le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil.
3. Áireofar freisin leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 critéir i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig soghluaisteacht ghlan nó soghluaisteacht atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear trí athrú modha, bearta éifeachtúlachta agus breoslaí malartacha, a mhéid a rannchuidíonn siad siúd go suntasach le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil.
4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb iomchuí, leasóidh sé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta.

Airteagal 15

An tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe

1. Bunóidh an Coimisiún an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ("an tArdán") ar a mbeidh:
- (a) ionadaithe de chuid na n-eagraíochtaí seo a leanas:
 - (i) an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

- (ii) na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;
- (iii) an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- (b) saineolaithe a bheidh ionadaíoch do gheallsealbhóirí príobháideacha, lena n-áirítear gníomhaithe sna margáí airgeadais agus neamh-airgeadais agus earnálacha gnó, a bheidh ionadaíoch do thionscail ábhartha;
- (c) saineolaithe arna gceapadh i gcáil phearsanta, a bhfuil eolas agus taithí chruthaithe acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
- (d) saineolaithe a bheidh ionadaíoch do shaol an léinn, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí eolaíocha eile, lena n-áirítear iad siúd le saineolas domhanda;
- (e) saineolaithe a bheidh ionadaíoch don tsochaí shibhialta, agus a mbeidh saineolas acu i réimse na saincheisteanna comhshaoil, sóisialta, saothair agus rialachais.

2. Déanfaidh an tArdán an méid a leanas:

- (a) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 14, agus maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann na critéir sin a nuashonrú, agus toradh a gcur i bhfeidhm á chur san áireamh de réir mar is iomchuí;
- (b) déanfaidh sé anailís ar thionchar na gcritéar scagtha teicniúil i dtéarmaí na gcostas agus na sochar féideartha a bhaineann lena gcur i bhfeidhm;
- (c) cuideoidh sé leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar iarratais ó gheallsealbhóirí ar chritéir scagtha theicniúla a fhorbairt nó a athbhreithniú i leith gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe;
- (ca) nuair a bheidh comhairle á tabhairt aige don Choimisiún agus anailís á déanamh aige ar thionchair na gcritéar scagtha teicniúil, tabharfaidh sé an réasúnaíocht agus an t-údar a bhí leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a scrúdaíodh agus áiríodh i gcritéir scagtha theicniúla, nó, i gcás nach ndéanfar gníomhaíocht eacnamaíoch a áireamh sna critéir scagtha theicniúla, an réasúnaíocht agus an t-údar leis an gcinneadh sin;
- (d) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil i leith úsáid bhreise a bhféadfaí a bhaint astu amach seo;
- (da) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil le haghaidh úsáid fhéideartha i dtaca le réigiúin agus coinníollacha comhshaoil lasmuigh den Aontas;
- (e) déanfaidh sé faireachán ar shreafaí caipitil i dtreo infheistíocht inbhuanaithe agus tuairisceoidh sé go rialta don Choimisiún ina leith;
- (f) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an Rialachán seo a leasú;
- (g) rachaidh sé i gcomhairle le geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear príomh-ionadaithe ó earnáil an tionscail ábhartha;
- (h) cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le feidhmiú Airteagal 13 agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann na ceanglais a fhorlíonadh.

3. Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach ar an Ardán agus bunófar é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú.
4. Ba cheart don Ardán a chuid cúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta. Tabharfaidh an Coimisiún don Ghrúpa Saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 16b ar bhonn tráthúil rochtain ar chláir oibre, ar mhiontuairiscí cruinnithe, ar thuarascálacha agus measúnuithe agus ar ábhair ábhartha an Ardáin a cuireadh ar fáil i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 15a

Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit údaráis inniúla chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide maidir le nochtadh a leagtar síos in Airteagal 4(2) agus (2a), agus a mbeidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe uile aige atá riachtanach chun a gcúraimí a fheidhmiú faoin Rialachán seo, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
2. Chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, comhoibreoidh na húdaráis inniúla lena chéile agus, gan aon mhoill mhíchuí, tabharfaidh siad pé faisnéis dá chéile arb ábhartha chun críocha a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus chun críocha a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú.

Airteagal 15b

Bearta agus pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na bearta agus na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagal 4(2) agus (2a). Beidh na bearta agus na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 16

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 6(2), (3), (4) agus (5), 7(2), (3), (4) agus (5), 8(2), (3), (4) agus (5), 9(2), (3), (4) agus (5), 10(2), (3), (4) agus (5) agus 11(2), (3), (4) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [Dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i mír 2 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe ná aon ghníomhartha cur chun feidhme atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmhligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
- 5a. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí spriocdhírthe agus déanfaidh sé comhairliúcháin phoiblí, de réir mar is iomchuí, sula ndéanfar na gníomhartha tarmhligthe a tharraingt suas.
6. Ní thiochfaidh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagail 6(2), (3), (4) agus (5), 7(2), (3), (4) agus (5), 8(2), (3), (4) agus (5), 9(2), (3), (4) agus (5), 10(2), (3), (4) agus (5) agus 11(2), (3), (4) agus (5)(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.
7. Ní bheidh caighdeán teicniúil rialála arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 (2c) infheidhme níos luaithe ná na gníomhartha tarmhligthe dá dtagraítear in Airteagal 6 go hAirteagal 11.

Airteagal 16a

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 16b

Grúpa Saineolaithe na mBallstát

1. Tabharfaidh Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (Grúpa Saineolaithe na mBallstát) comhairle don Choimisiún maidir le hoiriúnacht na gcritéar scagtha teicniúil agus maidir leis an gcur chuige a ghlac an tArdán dá dtagraítear in Airteagal 15 maidir le forbairt na gcritéar i gcomhréir le Airteagal 14.
2. Déanfaidh an Coimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas trí chruinnithe rialta den ghrúpa saneolaithe chun malartú tuairimí a éascú idir na Ballstáit agus an Coimisiún ar bhonn tráthúil, go háirithe maidir le príomh-aschur an Ardáin, amhail critéir scagtha nua nó nuashonruithe ábhartha de, nó dréacht-tuarascálacha.
3. Baileoidh an Coimisiún an saineolas uile is gá, roimh ghlacadh agus le linn fhorbairt na ngníomhartha tarmhligthe, lena n-áirítear trí chomhairliúchán le Grúpa Saineolaithe na mBallstát.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le gach dréachtghníomh tarmhligthe.

Tabharfar do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát, luath go leor chun go bhféadfaidh sé ullmhúcháin a dhéanamh, na dréachtghníomhartha tarmligthe, an dréachtchlár oibre agus aon doiciméid ábhartha eile.

Luafaidh seirbhísí an Choimisiúin cad iad na conclúidí a bhain siad as dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil sé i gceist acu tuairimí an ghrúpa saineolaithe a chur san áireamh. Déanfar na conclúidí sin a thaifeadadh i scríbhinn.

I gcás ina ndéanfar inneachar ábhartha dréachtghníomh tarmligthe a leasú ar bhealach ar bith, tabharfaidh an Coimisiún an deis don ghrúpa saineolaithe freagairt ar an leagan leasaithe den dréachtghníomh tarmligthe i scríbhinn más iomchuí.

4. Gníomhóidh Grúpa Saineolaithe na mBallstát mar an coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 16.
5. Chun rochtain chomhionann ar an bhfaisnéis a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le Grúpa Saineolaithe na mBallstát. Beidh rochtain uathoibríoch ag saineolaithe an Bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle aige ar chruinnithe an Ardáin, dá dtagraítear in Airteagal 15.

Caibidil III

Forálacha deiridh

Airteagal 17 *Clásal athbhreithnithe*

1. Faoi 31 Nollaig 2022 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas:
 - (a) an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le forbairt na gcritéar scagtha teicniúil i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;
 - (b) a iomchuí atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta;
 - (c) an úsáid a bhaintear as an sainmhíniú ar infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndlí an Aontais, agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear a iomchuí atá sé sásra a bhunú maidir le comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú.
 - (d) a oiriúnaí atá sé modheolaíocht chaighdeánaithe a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaoil, ar gníomhaíochtaí iad a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil, ach nach meastar go fóill a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Airteagal 3 den Rialachán seo.

- 1a. Faoi mhí na Nollag 2023 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo, agus na critéir sin a chomhlánú, chun gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
2. Faoi mhí na Nollag 2022, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú an Ardáin agus Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát, ina ndéanfar go háirithe meastóireacht ar chostéifeachtúlacht, trédhearcacht, rialachas acmhainní agus eagrú na bhfeidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16b.
3. Faoi mhí Iúil 2022, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú an Rialacháin, go háirithe maidir le tionchar na dteorainneacha i raon feidhme an Rialacháin seo agus i gcreata dlí ábhartha eile an Aontais maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) sreabhadh caipitil chuig frontair phríobháideacha agus chuig eintitis dhlíthiúla eile, go háirithe caipiteal cothromais, ar an taobh amháin trí tháirgí airgeadais dá dtagraítear sa Rialachán seo agus, ar an taobh eile seachas táirgí airgeadais, agus na critéir scagtha theicniúla á gcur i bhfeidhm;

rochtain ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais dá dtagraítear sa Rialachán seo, agus ag infheisteoirí ar fhaisnéis agus sonraí atá iontaofa, tráthúil agus infhíoraithe a bhaineann le cuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla eile, chomh maith le rialacha mionsonraithe maidir le fíorú na sonraí den chineál sin, atá riachtanach chun an leibhéal ailínithe leis na critéir scagtha theicniúla a chinneadh agus comhlíonadh a áirithiú leis an leibhéal sin, daoine a bhfuil infheistíocht acu laistigh agus lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin, agus mar chaipiteal cothromais agus fiachais, á gcur san áireamh.
4. Cuirfear na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1, 1a, 2 agus 3 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an Coimisiún tograí a ghabhann leis nuair is iomchuí.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 3 go hAirteagal 13 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) maidir leis na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear i bpointe (1) agus pointe (2) d'Airteagal 5, ón 1 Iúil 2020;
 - (b) maidir leis na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear i bpointe (3) go dtí pointe (6) d'Airteagal 5, ón 1 Iúil 2021;
3. Beidh feidhm ag Airteagal 15a agus Airteagal 15b ó theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmlichte agus na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 6(2), (3), (4) agus (5), 7(2), (3), (4) agus (5), 8(2), (3), (4) agus (5), 9(2), (3), (4) agus (5), 10(2), (3), (4) agus (5) agus 11(2), (3), (4) agus (5), chomh maith leis na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 4 (2c).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*